

# ddletb



Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin and Dún Laoghaire  
Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board

## Beartas Comhionannis agus Cuimsithe BOOÁC DL

Leagan: 2 / 10.2023

Dáta daingnithe ag Foireann Sinsearach Ceannaireachta: 9ú Deireadh Fómhair 2023

Dáta tugtha faoi deara ag BOOÁC DL Bord Bainistíochta: 16ú Deireadh Fómhair 2023

Síniú:  (CEO)

Uaslódáladh chuig Inlíon BOOÁC DL TÁ / NÍL

Leaganacha Béarla agus Gaeilge uaslódáilte chuig Láithreán Gréasáin DDLETD: TÁ / NÍL

Dáta athbhreithnithe: 9ú Deireadh Fómhair 2025

Beartas Uimh: PL/0 42	Leagan Uimh:
Previous versions: 1.Oct21	Dáta éifeachtach: 9ú Deireadh Fómhair 2023
Bord á Nótáil: 16ú Deireadh Fómhair 2023	Dáta Athbhreithnithe: 9ú Deireadh Fómhair 2025

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire tiomanta do thimpeallacht a chruthú lena gcothaítear comhionannas agus dínit san ionad oibre. Táimid tiomanta caitheamh go cothrom le gach fostaí, foghlaiméir, custaiméir agus teagmhálaí gnó, beag beann ar inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, creideamh reiligiúnach, aois, míchumas, cine nó toisc gur den Lucht Siúil iad.

Tá an BOO tiomanta do chomhionannas deiseanna ina chuid beartas, cleachtais agus seirbhísí go léir. Tá sé mar aidhm ag BOOÁCDL a chinntiú go gcaitear le gach duine le dínit agus le meas agus a dhícheall a dhéanamh timpeallacht thacúil a chruthú inar féidir le gach fostaí agus foghlaiméir bláthú agus a lánacmhainneacht a bhaint amach, beag beann ar éagsúlachtaí, taithe nó oideachas.

### **Tiomantas do chomhionannas agus éagsúlacht**

Déanfaidh BOOÁCDL beartais agus cleachtais a cheapadh agus a chur i bhfeidhm lena léireofar meas ar éagsúlacht, lena soláthrófar comhionannas deiseanna agus lena gcinnteofar nach bhfaighidh aon iarratasóir poist, fostaí, foghlaiméir, custaiméir ná comhlach gnó cóir is lú fabhar ar aon cheann de na naoi bhforas thuasluaite. Cinnteoidimid go léireoidh beartais agus cleachtais eile ár dtiomantas maidir le caitheamh go cothrom le daoine, modh oibre lánpháirtithe a chur chun cinn agus meas a léiriú ar dhínit fostaithe agus foghlaiméirí i gcónaí.

Táthar ag súil go gcuirfidh Bainisteoirí/Príomhoidí ionad oibre lánpháirtithe chun cinn agus go gcuirfidh siad deireadh go réamhghníomhach le haon éagothroime a d'fhéadfadh teacht salach ar bheartas an BOO.

Léiríonn ár mbeartas earcaíochta go gcreidimid go bhfuil gá le héagsúlacht i ngach réimse, lena n-áirítear cúlra cultúrtha, glúine, teanga agus náisiúnta, chun cabhrú linn rath a bhaint amach sna margaí baile agus domhanda araon. Ní dhéanfaidh an BOO idirdhealú in aghaidh aon fhostaí ionchasach le linn an phróisis earcaíochta. Déanfar agallaimh go hoibiachtúil agus déanfar daoine a mheas ar thuillteanas agus ar a gcumas an post a dhéanamh. Tá sé mar bheartas againn a chinntiú go ndéantar an oiread freastail agus is féidir ar dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu le go bhféadfaidh siad a bheith rannpháirteach sa phróiseas earcaíochta agus san ionad oibre.

Tionólfar cruinnithe feidhmíochta agus tabharfar aiseolas ar bhealach íogair, neamh-idirdhealaitheach. Cuirfidh an BOO na deiseanna forbartha agus oiliúna céanna ar fáil do gach fostaí chun ardchaighdeáin feidhmíochta a bhaint amach. Tugann an BOO luach saothair do shármhaitheas agus tabharfar ardú céime d'fhostaithe ar bhonn tuillteanais.